



EUROPEAN UNION



EU MISSIONS

RESTORE OUR OCEAN AND WATERS



Márta 2024

Leagan 1

Ceisteanna Coitianta (CCanna)

Cúnamh teicniúil chun tacú le pobail gníomhaithe cuspóirí Mhisean an AE: Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athchóiriú a bhaint amach

STAIR ATHRUITHE			
Dáta	Leagan	Cur síos	Leathanach
22 Márta 2024	1	Foilsíú an doiciméid Ceisteanna Coitianta	

Clár ábhair

Réamhrá.....	1
Ceisteanna Coitianta	2
Cad é an Misean um Aigéan agus Uiscí?.....	2
Conas a fhorhúiním Cairt an Mhisin?.....	2
Conas iarratas a dhéanamh.....	2
Conas a roghnófar iarratasóirí?	3
Cén tacaíocht a thairgtear d'iarratasóirí?.....	3
An féidir liom an tacaíocht seo a chur le maoiniú eile?.....	3
Cathain atá an spriodhata le cur isteach?.....	4
Cathain a chuirfear an cinneadh roghnúcháin in iúl dom?.....	4

Réamhrá

Is é aidhm an doiciméid *Ceisteanna Coitianta* (CCanna) tacaíocht a thabhairt do thairbhithe ionchasacha an Ghlaio ar Léiriú Suime le linn dóibh iarratas a dhéanamh. Tugann an doiciméad Ceisteanna Coitianta freagraí atá gonta agus éasca le léamh ar na ceisteanna is coitianta a chuirtear mar chuid den Ghlaio ar Léiriú Suime. Cabróidh an doiciméad Ceisteanna Coitianta le tacaíocht a thabhairt do pháirtithe leasmhara leis an bhfaisnéis go léir is gá chun cinneadh eolach a dhéanamh faoina rannpháirtíocht agus faoina n-incháilitheacht ionchasach chomh maith le treoir a thabhairt dóibh maidir le hiarratas rathúil a chur isteach.

Ceisteanna Coitianta

Cad é an Misean um Aigéan agus Uiscí?

Soláthraíonn Misean an AE 'Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athchóiriú faoi 2030' cur chuige córasach maidir le haigéin, farraigí agus uiscí na hEorpa a chosaint agus a athchóiriú faoi 2030. Tá sé mar aidhm ag an Misean sláinte ár n-aigéin agus ár n-uiscí a athshlánú go cuimsitheach trí chur chuige córasach a dhíríonn ar thrí chuspóir:

- Éiceachórais agus bithéagsúlacht mhuirí agus fhionnuisce a chosaint agus a athchóiriú;
- Cosc agus deireadh a chur le truailliú aigéin, farraige agus uisce; agus
- Geilleagar gorm inbhuanaithe atá neodrach ó thaobh carbóin de a chinntiú.

Chun tacú le cuspóirí an Mhisin agus na tithe solais a bhaineann leis, feabhsófar dhá chumasóir trasghearrtha: córais faisnéise dhigiteacha aigéin agus uisce agus gníomhartha slógtha agus rannpháirtíochta poiblí.

Tríd an Misean, cuireadh ceithre theach solais Misean ar bun in imchuacha sna háiteanna seo a leanas: an Mheánmhuir, an Mhuir Bhailt agus an Mhuir Thuaidh, imchuach na Danóibe, agus imchuach an Atlantaigh agus an Artaigh. Feidhmeoidh na ceithre theach solais de chuid an Mhisin um Aigéan agus Uiscí mar mhoil a fhorbróidh, a léireoidh agus a chuirfidh chun feidhme réitigh nua.

Conas a fhorghníomhaíocht Cairt an Mhisin?

Uirlis neamhcheangailteach is ea Cairt an Mhisin um Aigéan agus Uiscí do Bhallstáit, do réigiúin, agus do raon leathan páirtithe leasmhara chun gealltanais a thabhairt do chosaint agus d'athchóiriú ár n-aigéan, ár bhfarraigí agus ár n-uiscí agus gníomhaíochtaí a ghealladh a chuirfidh le cur chun feidhme rathúil an Mhisin agus a thithe solais.

Is féidir an Chairt a fhorghníomhú agus gníomhartha a ghealladh tríd an [ardán tiomnaithe ar líne](#), a fhanfaidh ar oscailt le linn thréimhse an Mhisin. Is féidir teacht ar ghealltanais ghníomhaíochta a cuireadh isteach cheana féin sa [léarscáil idirghníomhach](#) seo.

Conas iarratas a dhéanamh

Tá ceithre chéim sa phróiseas iarratais:

1. **Cinntigh go bhfuil tú incháilithe:** cinntigh go bhfuil tú incháilithe de réir na gcritéar incháilithe agus eisíatachta atá leagtha amach sa Ghlaó ar Léiriú Suime.
2. **Ullmhaigh d'iarratas:** bailigh an fhaisnéis agus na doiciméid riachtanacha a bhaineann le do thionscadal, mar shampla tuairiscí tionscadail, buiséid, sonraí foirne, agus aon doiciméid tacaíochta a léiríonn ailíniú do thionscadail le cuspóirí an Mhisin.
3. **Líon isteach an fhoirm iarratais:** aimsigh agus líon isteach an fhoirm ar Ardán Suirbhé an AE atá ar fáil ar: https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/TechnicalAssistance_Communities_MissionOcean
4. **Cuir d'iarratas isteach:** athbhreithnigh agus cuir isteach d'iarratas roimh an spriocdháta.

Is féidir iarratais a chur isteach in aon cheann de 24 teanga oifigiúil an AE. Mura bhfuil d'iarratas i mBéarla, moltar (ach níl sé riachtanach) achoimre ar an iarratas a chur i mBéarla i Rannán 7 den Fhoirm Iarratais

Tá faisnéis mhionsonraithe le fáil sa Ghlaó ar Léiriú Suime: <https://projects.research-and-innovation.ec.europa.eu/en/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe/restore-our-ocean-and-waters/technical-assistance-support-communities-actors-achieve-eu-mission-restore-our-ocean-and-waters#call-weblink>

Conas a roghnófar iarratasóirí?

Déanfar gach iarratas a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a mheasúnú de réir na gcritéar roghnúcháin seo a leanas:

- Cibé an bhfuil cur síos ar an tionscadal ag teacht le cuspóirí an Mhisin um Aigéan & Uiscí
- Tionchair agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile atá ag teacht leis an Misean.
- Indéantacht an tionscadail
- Ábharthacht/Breisluach an Chúnamh Theicniúil atá á lorg
- An eagraíocht a gheobhaidh an Cúnamh Teicniúil.

Cén tacaíocht a thairgtear d'iarratasóirí?

Is é cuspóir an chúnamh theicniúil tacú le hiarratasóirí roghnaithe a gcuid gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a neartú chun cur le ceann amháin nó níos mó de chuspóirí an Mhisin um Aigéan agus Uiscí. **Tairgfear pacáiste cúnamh theicniúil saincheaptha agus staidéar indéantachta saor in aisce d'iarratasóirí roghnaithe.**

Saincheapfar an cúnamh teicniúil bunaithe ar riachtanais, ar acmhainn agus ar leasanna an iarratasóra a roghnófar, agus tabharfar saintacaíocht chun aghaidh a thabhairt ar **bhearnaí indéantachta rialála, teicniúla, eacnamaíocha, oibriúcháin, timpeallachta agus tráchtála.**

Soláthróidh na staidéir indéantachta measúnú ar inmhharthanacht fhoriomlán na dtionscadal, agus moltaí maidir leis an gcaoi le cur le hindéantacht na ngníomhaíochtaí roghnaithe. Gheobhaidh tairbhíthe roghnaithe tuiscint níos soiléire ar indéantacht agus/nó ar riachtanais an tionscadail chun an tionscadal a mhéadú agus a fhorbairt tuilleadh.

Má tá ceisteanna sonracha agat nó má tá cúnamh uait le d'iarratas, déan teagmháil leis an **Deasc Chabhrach** ag mission.ocean.studies@technopolis-group.com

Cuirfimid **seimineáir ar siúl chun iarrthóirí a threorú** tríd an bpróiseas i dteangacha éagsúla. Cláraigh do sheisiún nó féach ar thaifid ar shuíomh gréasáin Ardán Forfheidhmithe an Mhisin.

An féidir liom an tacaíocht seo a chur le maoiniú eile?

Ní féidir costais don **ghníomhaíocht chéanna** a mhaoiniú faoi dhó ó bhuiséad an AE. Mar sin féin, **moltar go mór méadú nó macasamhlú** na dtionscadal nó na dtionscnamh atá ann cheana agus a cuireadh i gcrích de thairbhe maoiniú AE, náisiúnta nó réigiúnach.

Cathain atá an spriocdháta le cur isteach?

Eagrófar an próiseas iarratais ar an nGlaó ar Léiriú Suime in dhá thimthriall ar leith ó:

- Timthriall 1: ó 22 Márta 2024 go dtí 24 Bealtaine 2024
- Timthriall 2: ó Mheán Fómhair/Deireadh Fómhair 2024 go Samhain/Nollaig 2024 (dátaí cruinne le deimhniú)

Maidir le **Timthriall 1**, is é an spriocdháta le haghaidh Léiriú Suime **24 Bealtaine 2024 ag 23:59 CEST**.

Cathain a chuirfead an cinneadh roghnúcháin in iúl dom?

Mairfidh measúnú na n-iarratas faighte go táscach **cúig seachtaine, ó dháta dúnta an ghlaó ar léiriú suime**.

Déanfaidh an Fhoireann Measúnaithe agus an Coimisiún Eorpach incháilitheacht agus chomhláine na Léirithe Suime a cuireadh isteach a mheas le chéile agus déanfar iad a mheasúnú de réir na gcritéar roghnúcháin.

I gcás iarratas a bheith beagán neamhiomlán, déanfar teagmháil go pras leis an iarratasóir agus ceadófar dó soiléiriú a sholáthar maidir le gnéithe atá in easnamh laistigh de 5 lá oibre ó dháta an fhógra.

Cuirfead fógra faoin gcinneadh deiridh chuig na hiarratasóirí roghnaithe agus diúltaithe ar ríomhphost mar aon le haon aiseolas ábhartha tar éis an mheasúnaithe. Tá gach cinneadh críochnaitheach agus ní féidir achomharc a dhéanamh ina leith.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021

© An tAontas Eorpach, 2021

Údaraítear athúsáid ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse agus nach ndéantar brí ná teachtaireacht bhunaidh an doiciméid a shaobhadh.

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a eascróidh as an athúsáid. Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Gach íomhá © Aontas Eorpach, mura luaitear a mhalairt. Foinsí íomhá: © Richard Carey, #209819526, 2021. Foinse: Stock.Adobe.com. Deilbhíní © Flaticon – gach ceart ar cosaint.

PDF ISBN 978-92-76-41167-3 doi: [10.2777/500470](https://doi.org/10.2777/500470) KI-01-21-194-GA-N

